Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16175/23**

**ENER 663**
**RELEX 1413**
**COWEB 155**
**COEST 645**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15295/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh (Vín na hOstaire, an 14 Nollaig 2023)<br>- Glacadh |

1. Is eagraíocht idirnáisiúnta é an Comhphobal Fuinnimh a bunaíodh in 2006. Is é cuspóir na heagraíochta rialacha agus prionsabail mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais a leathnú chuig tíortha in Oirdheisceart na hEorpa agus i réigiún na Mara Duibhe, ar bhonn creata atá ceangailteach ó thaobh dlí.

2. An 14 Samhain 2023, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle[1] maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a bheidh ar siúl in Vín na hOstaire an 14 Nollaig 2023.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Fhuinneamh an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Samhain. Seoladh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn (15295/23 + ADD 1) an 24 Samhain agus tháinig deireadh leis an 29 Samhain. Ní dhearna na toscaireachtaí aon agóid ina choinne.

[1] 15295/23 + ADD 1

3. Faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 15880/23 + ADD 1 é, a ghlacadh;
- a thabhairt dá haire go gcuirfear in iúl do Pharlaimint na hEorpa gur glacadh an cinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.